Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14745/21**

**IXIM 275**
**CRIMORG 152**
**ENFOPOL 488**
**ENFOCUSTOM 180**
**JAI 1361**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13852/21 |
| Ábhar: | ‘Cinntí Prüm’ - Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- Meastóireacht ar an Iodáil maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB - Meastóireacht ar an Iodáil maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch, a d’fhormheas an Chomhairle ag an 3837ú cruinniú a bhí aici an 9 Nollaig 2021.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle

### Meastóireacht ar an Iodáil maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí atá leagtha amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil cé acu ar comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Níl feidhm ag an bhforáil sin i dtaca leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear de bhun "Conradh Prüm" (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, ní mór an fíorú go bhfuil an coinníoll thuasluaite comhlíonta a dhéanamh ar bhonn tuarascála meastóireachta bunaithe ar cheistneoir. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, ní mór don tuarascáil mheastóireachta a bheith bunaithe ar chuairt mheastóireachta agus ar threoirthionscadal freisin.

3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí agus ní mór don Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a chreideann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le malartú sonraí DNA comhlánaithe ag an Iodáil. Chuir an Iodáil, i bpáirt leis an nGearmáin agus an Ostair, treoirthionscadal rathúil i gcrích. Tugadh cuairt mheastóireachta ar an Iodáil agus rinne foireann meastóireachta na Gearmáine / na hOstaire tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta agus chuir sí ar aghaidh chuig meitheal ábhartha na Comhairle í (13918/21 IXIM 233 CRIMORG 128 ENFOPOL 432 ENFOCUSTOM 158 JAI 123).

5. Tíolacadh chuig an gComhairle tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ina dtugtar achoimre ar thorthaí an cheistneora, ar thorthaí na cuairte meastóireachta agus ar thorthaí an treoirthionscadail maidir le sonraí DNA a mhalartú (13919/21 IXIM 234 CRIMORG 129 ENFOPOL 433 ENFOCUSTOM 159 JAI 1231).

6. Ag an físchomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ag comhaltaí na Meithle um Malartú Faisnéise CGB (IXIM) an 2 Nollaig 2021, aithníodh go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an Iodáil.

7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críocha malartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an Iodáil.